

ATHRÚ STRUCHTÚRACH I RÉIMSE AN TAIGHDE



Ullmhaíodh an foilseachán seo faoin gclár um phríomhshruthú inscne de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne. Tá sé ar fáil ar líne tríd an Ardán EIGE um Príomhshruthú Inscne: <http://eige.europa.eu/gender-mainstreaming>

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a chruthaigh an tArdán ar líne ar Phríomhshruthú Inscne chun tacú leis na hinstiúidí AE agus leis na comhlachtaí rialtais i ndáil le gné inscne a chomhtháthú ina gcuid oibre. Soláthraítear leis an Ardán léargas ar an ábharthacht d'inscne i réimsí éagsúla beartais agus cuirtear uirlisí ar líne ar fáil le haghaidh príomhshruthaithe inscne.

Tá an tArdán ina chuidiú chun inniúlachtaí aonair agus institiúideacha a fheabhsú chun inscne a phríomhshruthú isteach sna réimsí earnála éagsúla agus ar fud na gcéimeanna éagsúla den fhorbairt d'aon bheartas/chlár/thionscadal. Trí thuiscint ar conas beartais a dhearadh, a phleanáil, a chur i bhfeidhm, a mhonatóiriú agus a mheasúnú ó thaobh inscne de, déanfar beartais AE a neartú, agus méadófar a n-ábharthacht agus a bhfreagúlacht shochaíoch.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, EIGE

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad faisnéise de chuid an Aontais Eorpaigh a bunaíodh chun cur le cur chun cinn comhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartais agus le hinstiúidí ábhartha lena n-iarachtaí chun comhionannas idir mná agus fir a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais le saíneolas áirithe agus sonraí inchomparáide iontaoifa maidir le comhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil.

European Institute for Gender Equality, EIGE
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
LITHUANIA
Teil. +370 52157444
R-phost: eige.sec@eige.europa.eu

<http://www.eige.europa.eu>
<http://www.twitter.com/eurogender>
<http://www.facebook.com/eige.europa.eu>
<http://www.youtube.com/eurogender>
<http://eurogender.eige.europa.eu>

Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach

**Uimhir shaorghlao (*):
00 800 6 7 8 9 10 11**

(* Bionn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaoanna (cé go bhféadfadh roinnt oibrítheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (<http://europa.eu>).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2017

© An tAontas Eorpach, 2017

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

Print ISBN 978-92-9493-712-4 doi:10.2839/946658 MH-04-17-156-GA-C

PDF ISBN 978-92-9493-689-9 doi:10.2839/61812 MH-04-17-156-GA-N

Printed in Belgium

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHÁIPÉAR BÁN SAOR Ó CHLÓIRÍN EILIMINTEACH (ECF)

Athrú struchtúrach i réimse an taighde



Cláir Ábhair

1. Céard atá i gceist leis?	4
2. Cén fáth a bhfuil sé riachtanach?	4
Institiúidí taighde agus ardoideachais mar shuíomhanna ina bhfuil idirdhealú inscne i réim	4
Claontacht inscne atá neamh-chomhfhiosach nó intuigthe	4
An íomhá fhirinscneach atá ag an eolaíocht	5
Mná in institiúidí taighde agus ardoideachais: cé go bhfuil líon na mban sna réimsí seo ag méadú, cén fáth a bhfuil an méadú chomh mall sin?	5
Taighde atá dall ar inscne agus taighde atá claonta ó thaobh inscne de	5
3. An Plean Comhionannais Inscne mar uirlis le haghaidh athrú struchtúrach	6
4. Cé atá páirteach ann?	7
Struchtúr chun tacú le hobair chomhionannais inscne	7
Daoine a bhfuil post ardbhainistíochta agus ceannaireachta acu	7
Bainisteoirí	8
Baill foirne taighde agus/nó teagaisc	8
An rannóg acmhainní daonna	8
Mic léinn	8



1. Céard atá i gceist leis?

Is é atá i gceist le hathrú institiúideach ná straitéis a bhfuil sé mar aidhm léi deireadh a chur leis na constaicí ar chomhionannas inscne, ar constaicí iad atá ina ngné dhílis den chóras taighde é féin. Tá sé mar aidhm leis an straitéis cleachtais institiúideacha a oiriúnú freisin. Nuair a ghlactar cur chuige um athrú institiúideach, is ar an eagraíocht í féin a dhírítear.

Sa Limistéar Eorpach Taighde, iarrtar ar eagraíochtaí taighde agus ar institiúidí ardoideachais athrú institiúideach a chur chun feidhme i réimsí a bhaineann le bainistíocht acmhainní daonna, le cistiú, le cinnteoireacht agus le cláir thaighde. Is iad na príomhchuspóirí atá le hathrú institiúideach ná líon na mban agus coinneáil na mban a mhéadú ag gach céim dá ngairm eolaíochta agus comhtháthú ghné na hinscne a chur chun cinn in ábhar taighde agus nuálaíochta.

2. Cén fáth a bhfuil sé riachtanach?

Oibríonn idir mhná agus fhir in eagraíochtaí taighde agus in institiúidí ardoideachais agus glacann siad róil shainiúla iontu, amhail taighde a dhéanamh, teagasc, baill foirne agus struchtúir a bhainistiú, nó nósanna imeachta a chur chun feidhme. Ag an am céanna, is ar son daoine a oibríonn institiúidí taighde agus ardoideachais freisin. Cé go gcabhraíonn institiúidí ardoideachais le hoiliúint a chur ar ghairmithe bainearna agus firinscneacha amach anseo, déanann eagraíochtaí taighde imscrúdú ar raon éagsúil topaicí a théann i bhfeidhm ar shaol na mban agus na bhfear.

D'fhonn dul i ngleic le táirgeadh/atáirgeadh struchtúrach neamhionannas in institiúidí taighde agus ardoideachais, tá sé riachtanach sainaithint a dhéanamh ar na meicníochtaí is gá a athrú agus dul i mbun birt ina leith. Ina ainneoin sin, b'fhéarr aghaidh a thabhairt ar an struchtúr ina iomláine trí chineálacha cuimsitheacha iomlánaíochta cur chuige a ghlacadh ná tabhairt faoi ghníomhartha ar leith. Tá gá ann le hathrú institiúideach toisc go rachaidh sé chun tairbhe don eagraíocht ina hiomláine agus don tsochaí i gcoitinne. Is nós le roinnt meicníochtaí neamhionannais a tháirgeadh/a atáirgeadh in institiúidí taighde.

Institiúidí taighde agus ardoideachais mar shuíomhanna ina bhfuil idirdhealú inscne i réim

Tá fianaise láidir le fáil i litríocht agus i staitisticí go n-atáirgeann institiúidí taighde agus ardoideachais luachanna sóisialta as a dtagann claontacht/idirdhealú inscne (faoi mar a tharlaíonn i gcuid mhór réimsí eile den tsochaí). Is gnách do mhná agus do fhir gabháil do réimsí áirithe eolaíochta (leithscaradh cothrománach). Mar shampla, tá seans níos fearr ann go n-oibreoidh mná i réimsí amhail na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí. Mar an gcéanna, tá seans níos fearr ann go ndéanfaidh fir staidéar agus/nó taighde ar thopaicí

a bhaineann leis an innealtóireacht nó leis an teicneolaíocht nó go dteagascfaidh siad na topaicí sin. Is fíorbhar imní iad na roghanna steiréiticipiciúla ábhair a dhéanann mic léinn, mar sin. I bhformhór na gcásanna, is i seilbh fear atá na poist is airde san ordlathas (leithscaradh ingearach). Ina theannta sin, is minic a thugann an lucht taighde agus teagasc neamhaird ar ghné thábhachtach na hinscne sa chur chuige a ghlacann siad, san ábhar a tháirgeann siad agus san anailís a dhéanann siad. Mar thoradh air sin, bíonn baol ann go ndéanfar neamhiontas de thuairimí, eispéiris agus riachtanais leath an phobail nó go ndéanfar beag is fiú díobh. Mar sin, cruthaítear táirgí, seirbhísí agus beartais nach bhfuil chomh maith agus a bheifí ag súil leis toisc nach bhfuil siad dírithe ach ar sciar amháin den tsochaí agus toisc gur ar an sciar sin amháin a fhreastalaíonn siad.

Claontacht inscne atá neamh-chomhfhiosach nó intuigthe

"Sampla de chlaontacht neamh-chomhfhiosach is ea cásanna ina ndéanaimid, gan fhios dúinn, breithiúnais nó cinntí bunaithe ar ár n-eispéireas roimhe seo, ar ár bpatrúin phearsanta smaointeoireachta, ar ár dtoimhdí pearsanta nó ar ár dtuiscint phearsanta atá fréamhaithe go daingean," a mhínigh an tOllamh Uta Frith i nóta faisnéise ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach ón gCumann Ríoga (arb é an t-acadamh eolaíochta don Ríocht Aontaithe agus don Chomhlathas Briotanach é). Is rud riachtanach agus fadhbach í claontacht neamh-chomhfhiosach nó intuigthe i gcásanna ina léirítear í le linn measúnú nó meastóireacht a dhéanamh ar dhaoine (mar shampla, le linn daoine a thoghadh chuig poist nó le linn iad a roghnú chun comhaltachtaí agus dámhachtainí a fháil, etc.) toisc go gcuireann sí bac ar bhreithiúnas oibiachtúil cothrom a dhéanamh. Mar is léir ón ainm, d'fhéadfadh go mbeadh claontacht ag daoine gan fhios díobh. Mar sin féin, tá teicnící ann chun feasacht a mhéadú agus chun dul i mbun birt ina leith.

An íomhá fhirinsneach atá ag an eolaíocht

Foghlaimimid ó luathaois ceangal a dhéanamh idir fir agus an eolaíocht. Tá taighde fairsing déanta ar an topaic sin le blianta fada anuas. Mar a léiríodh i staidéar a rinneadh le déanaí agus lenar bhain 66 thír ar fud an domhain (Miller, Eagly agus Linn, 2014), tá caidreamh láidir ann idir líon na mban san eolaíocht agus steiréitíopaí náisiúnta maidir leis an gceangal idir inscne agus an eolaíocht. Mar gheall ar na steiréitíopaí sin, meastar gur láidre an ceangal idir fir agus an eolaíocht ná an ceangal idir mná agus an eolaíocht. Is fíor atá an cinneadh sin fiú amháin i dtíortha inar mná iad thart ar leath na dtaighdeoirí atá fostaithe agus leath na mac léinn atá ag gabháil don eolaíocht mar phríomhábhar staidéir.

Mná in institiúidí taighde agus ardoideachais: cé go bhfuil líon na mban sna réimsí seo ag méadú, cén fáth a bhfuil an méadú chomh mall sin?

De réir an leagain is déanaí den *She figures handbook* ón gCoimisiún Eorpach, ní raibh ach 33 % de na taighdeoirí san Eoraip sa bhliain 2012 ina mná. Tarlaíonn sé go bhfuil an céatadán sin níos ísle fós i réimsí ina bhfuil ceannas ag fir. Thar na blianta, soláthraíodh fianaise sa *She figures handbook* go bhfuil gannionadaíocht á déanamh do mhná sa ról mar cheann ar institiúid ardoideachais. Is fíorábhar díomá iad na cinní sin toisc gur mhná iad 47 % de chéimithe PhD san Eoraip sa bhliain 2012.

Beag beann air sin, is fiú aird a tharraingt ar an dul chun cinn atá déanta le 10 mbliana anuas. Mar a léiríodh sa leagan den *She figures handbook* don bhliain 2015, mhéadaigh sciar na gcéimithe PhD ar mná iad ó 43 % sa bhliain 2004 go 47 % sa bhliain 2014. Mhéadaigh sciar na mban a bhfuil ról acu ag an

leibhéal is airde de ghairm acadúil ó 18 % sa bhliain 2007 go 21 % sa bhliain 2013. Mhéadaigh sciar na mban a bhfuil ról acu mar cheann ar institiúid ardoideachais ó 15.5 % sa bhliain 2010 go 20 % sa bhliain 2014.

Níos déanaí fós, mhéadaigh líon na dtaighdeoirí ar mná iad níos gasta ná an méadú ar líon na dtaighdeoirí ar fir iad. Tugtar treocht den chineál céanna faoi deara i gcás líon na n-eolaithe agus na ninnealtóirí ar mná iad. Cé go bhfuil ban-eolaithe ag breith suas ar fhir, is rómhall atá an dul chun cinn ina leith sin go fóill. Amhail i gcás sciar na mban a bhfuil ról acu mar cheann ar ollscoil, níl sciar na mban atá ag an ngrád is airde de ghairm eolaíochta cothrom ach le 20 %.

Cé go bhfuilimid ar an mbóthar ceart, níl sé in am againn ár scíth a ligean. Tá sé in am againn an próiseas a bhrostú agus cinnte a dhéanamh de ar deireadh go bhfaighidh gach ban-eolaí an ghairm a thuilleann sí.

Taighde atá dall ar inscne agus taighde atá claonta ó thaobh inscne de

Is **dall ar inscne** nó **claonta ó thaobh inscne de** atá a lán taighde go fóill. Tarlaíonn sé sin, mar shampla, i gcásanna ina n-eachtarshuitear torthaí taighde chuig an bpobal ina iomláine, gan breithniú cuí a dhéanamh ar an gcomhdhéanamh samplach. I gcás taighde míochaine, mar shampla, tarlaíonn sé go minic nach n-úsáidtear ach ainmhithe firinsneacha le haghaidh trialacha.

Deitéarmanaint bhunúsacha d'eagrú an tsaoil agus na sochaí is ea gnéas agus inscne. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach na difríochtaí sin a aithint agus a chur san áireamh agus eolas eolaíoch á chruthú.



3. An Plean Comhionannais Inscne mar uirlis le haghaidh athrú struchtúrach

I gcomhthéacs sonrach na n-eagraíochtaí taighde agus na n-institiúidí ardoideachais, féachann an Coimisiún Eorpach ar Phlean Comhionannais Inscne mar shraith gníomhartha a bhfuil sé mar aidhm leo:

1. measúnú tionchair/iniúchadh a dhéanamh ar nósanna imeachta agus ar chleachtais d'fhonn claontacht inscne a shainathint;
2. straitéisí nuálacha a shainathint agus a chur chun feidhme ar mhaithe le haon chlaontacht a cheartú;
3. spriocanna a leagan síos agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ina leith trí leas a bhaint as táscairí ⁽¹⁾.

D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht mhór ann maidir le raon feidhme an Phlean Comhionannais Inscne, ag brath ar an gcineál eagraíochta taighde atá i gceist, ar an gcomhthéacs institiúideach ina gcuirtear an plean chun feidhme, ar na disciplíní a bpléitear leo nó ar an gcineál claontachta inscne agus neamhionannas inscne a shainithnítear mar chuid den diagnóis.

Is féidir Plean Comhionannais Inscne a mhiondealú ina gcéimeanna difriúla, ar céimeanna iad a bhfuil cineálacha sonracha idirghabhálacha ag teastáil i ngach ceann díobh.

1. **Céim anailíse**, ina mbailítear sonraí atá imdhealaithe ó thaobh gnéis de agus ina ndéantar measúnú criticiúil ar nósanna imeachta, ar phróisis agus ar chleachtais d'fhonn neamhionannais inscne agus claontacht inscne a bhrath.
2. **Céim pleanála**, ina sainítear cuspóirí an Phlean; ina leagtar spriocanna síos; ina gcinntear gníomhartha agus bearta chun na fadhbanna sainitheanta a réiteach; ina leithdháiltear acmhainní agus freagrachtaí; agus ina gcomhaontaítear amlínte.
3. **Céim cur chun feidhme**, ina gcuirtear gníomhaíochtaí chun feidhme agus ina dtugtar faoi iarrachtaí for-rochtana ar mhaithe leis an líonra geallsealbhóirí a leathnú de réir a chéile.

4. Céim faireacháin, ina ndéantar gníomh leantach rialta agus measúnú rialta ar an bpróiseas agus ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh. Is féidir na cinntí ón gcleachtadh faireacháin/ó na cleachtaí faireacháin a úsáid chun bonn eolais a chur faoi bhearta agus gníomhaíochtaí coigeartaithe agus feabhais ionas gur féidir na torthaí a bharrfheabhsú.

Is é an aidhm atá leis an tsraith gníomhartha sin, a mbaineann leibhéal éagsúla chastachta leo, ná dearcadh straitéiseach a chur in iúl atá dírithe ar chomhionannas inscne a bhaint amach. Ní hionann tionscnaimh amhail glacadh cuspóirí ginearálta comhionannais inscne agus straitéis/plean comhionannais inscne *per se* mar nach mór sraith nithiúil céimeanna agus gníomhartha atá le tabhairt fúthu a dhéanamh de na gealltanais sin. Is ar an gcúis sin nár cheart a mheas go bhfuil Plean Comhionannais Inscne i bhfeidhm i gcás ina nglactar straitéis leathan éagsúlachta nó straitéis leathan i gcoinne an idirdhealaithe agus/nó plean lena dtugtar aghaidh ar inscne agus saincheisteanna eile. Más rud é nach mbíonn straitéis den sórt sin ag brath ar shonraí leordhóthanacha maidir le hinscne agus nach dtugtar aghaidh ar inscne léi ach trí líon teoranta beart agus táscairí, ní dócha go mbainfear comhionannas inscne amach dáiríre.

Is féidir éagsúlacht a bheith ann maidir leis an dóigh a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh ar chlaontacht inscne agus ar neamhionannais inscne iad féin. Ina theannta sin, is féidir éagsúlacht a bheith ann maidir leis an gcur chuige roghnaithe agus maidir leis an bhfáil ar shaineolas inmheánach nó seachtrach inscne. Táthar ag tabhairt aghaidh níos mó agus níos mó le déanaí ar chlaontacht inscne agus ar neamhionannais inscne trí aird a thabhairt ar an dóigh a dtrasaíonn siad le forais eile neamhionannais amhail míchumas, aois, gnéaschlaonadh, reiligiún nó eitneacht. Má thugtar aghaidh ar neamhionannais eile a thrasaíonn le hinscne, is féidir go mbrúfar athrú chun cinn go héifeachtúil agus is féidir go spreagfar ceapadh gníomhartha agus straitéisí atá cuimsitheach. Mar sin féin, teastaíonn níos mó acmhainní anailíseacha, sonraí agus raon níos leithne saineolais ón gcur chuige sin ná a theastaíonn nuair a théitear i ngleic le hinscne ar leithligh ó fhorais eile neamhionannais.

(1) *Foinse*: Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le **Comhpháirtíocht athneartaithe le haghaidh barr feabhais agus fáis don limistéar Eorpach taighde** (COM(2012) 92 críochnaitheach), http://ec.europa.eu/research/era/pdf/era-communication/era-communication_ga.pdf

4. Cé atá páirteach ann?

Mar phrionsabal, iarrtar ar gach geallsealbhóir de chuid eagraíocht taighde nó institiúid ardoideachais páirt a ghlacadh i bPlean Comhionannais Inscne a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Leis an bpáirt a ghlacfaidh siad, bíodh sí díreach nó indíreach de réir phróifíl an gheallsealbhóra, cruthófar braistint chomhuintearais a mbainfear leas aisti nuair a bheifear ag sárú constaicí agus frithsheasmhachta ag gach leibhéal ar fud an phróisis.

Cé go bhfuil éagsúlacht ann maidir le struchtúr eagrúcháin na n-ollscoileanna agus na n-institiúidí taighde san Eoraip, tá páirt (le bheith) ag cineálacha difriúla gníomhaithe sa Phlean Comhionannais Inscne. Tá siad liostaithe thíos. Ní mór a gcuid freagrachtaí a chomhaontú go frithpháirteach agus a shoiléiriú ón tús. Is ríthábhachtach atá a gcomhar le haghaidh Plean Comhionannais Inscne a fhorbairt agus a chur chun feidhme go rathúil.

Struchtúr chun tacú le hobair chomhionannais inscne

Ar an gcéad dul síos, ní mór struchtúr tiomnaithe a bheith ann chun tacaíocht láidir a thabhairt don phlean comhionannais inscne. Maidir le struchtúir arb é is aidhm dóibh tacú le hobair chomhionannais inscne, tá siad ina socruithe tiomnaithe eagrúcháin a údaraítear chun tacú le hathrú struchtúrach i dtreo comhionannas inscne trína gcuid oibre. Is féidir go bhfuil struchtúr den sórt sin ann cheana san eagraíocht taighde nó institiúid ardoideachais. Áirítear le samplaí de struchtúir den sórt sin: oifigí comhionannais inscne/aonaid chomhionannais inscne, seirbhísí ombudsman nó líonraí comhionannais inscne. Is iad sin na háiteanna is fearr chun an Plean Comhionannais Inscne a thionscnamh, chun a chinntiú go gcuirfear chun feidhme é agus chun faireachán a dhéanamh air. Mura bhfuil struchtúr den sórt sin i bhfeidhm ag d'eagraíocht, is féidir cruthú an struchtúir a chur ar áireamh mar cheann amháin de bhearta an phlean.

Is éifeachtaí na struchtúir sin i gcásanna:

1. ina bhfuil níos mó ná (coibhéis) duine amháin atá ag obair go lánaimseartha agus nach bhfuil sé i gceist lena shainordú ach comhionannas inscne a chur chun cinn;
2. nach bhfeidhmítear iad ina n-aonar agus ina líonraítear go maith iad;
3. ina bhfaigheann siad tacaíocht phoiblí ó fheidhmeannaigh bharrleibhéil (e.g. reachtaire nó déan ollscoile, nó stiúrthóir ionad taighde).

Cén ról i bPlean Comhionannais Inscne atá ag struchtúr arb é is aidhm dó tacú le hobair chomhionannais inscne?

1. an Plean Comhionannais Inscne a bhunú agus a chur chun feidhme agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air;

2. tacaíocht phraiticiúil agus uirlisí praiticiúla a chur ar fáil do na gníomhaithe atá páirteach i gcur chun feidhme an Phlean Comhionannais Inscne;
3. dul i mbun comhair agus teagmhála le geallsealbhóirí ag gach leibhéal chun a chinntiú go gcuirfear bearta an Phlean Comhionannais Inscne chun feidhme;
4. feasacht a mhéadú ar na tairbhí a bhaineann le comhionannas inscne in eagraíochtaí taighde;
5. measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo comhionannas inscne san eagraíocht.

Daoine a bhfuil post ardbhainistíochta agus ceannaireachta acu

Is iad sin na gníomhaithe atá freagrach as an eagraíocht a rialú. Cé gur féidir leo a bheith ina reachtairí nó ina seansailéirí i gcás institiúidí ardoideachais, is féidir leo a bheith ina gcathaoirligh ar an mbord nó ina stiúrthóirí i gcás eagraíochtaí taighde. Tá sé de chumhacht acu cinntiú a dhéanamh agus, dá bhrí sin, tá siad ina gcomhghuaillithe an-tábhachtach nuair atá Plean Comhionannais Inscne á chur ar bun nó nuair atá sé á chur chun feidhme.

Cén ról i bPlean Comhionannais Inscne atá ag daoine a bhfuil post ardbhainistíochta agus ceannaireachta acu?

1. tacaíocht phoiblí a thabhairt do phrionsabal an chomhionannais inscne san eagraíocht/thar ceann na heagraíochta;
2. an Plean Comhionannais Inscne agus an struchtúr atá freagrach as a chur chun feidhme a fhorhuiniú go poiblí. Féach, mar shampla, an físeán faoi imeacht de chuid an fheachtais *HeForShe* a bhí ar siúl ag *Sciences Po* (Páras), áit ar chuir stiúrthóir agus *propast Sciences Po* ionchur ar fáil lenar tugadh tacaíocht fhollasach do chomhionannas inscne: <https://www.youtube.com/watch?v=b834mK1nlcw>;
3. acmhainní airgeadais agus daonna atá leordhóthanach a chur ar fáil chun an Plean Comhionannais Inscne a chur chun feidhme;
4. ceadú a dhéanamh ar na doiciméid, na nósanna imeachta agus na gníomhaíochtaí ábhartha lena dtugtar tacaíocht d'athrú struchtúrach i dtreo comhionannas inscne san eagraíocht;
5. an t-eolas is deireanaí a iarraidh go rialta maidir le cur chun feidhme an phlean agus maidir leis an dul chun cinn i dtreo comhionannas inscne.



Bainisteoirí

Tá na gníomhaithe sin i gceannas ar bhainistíocht laethúil rannóga na heagraíochta. I gcomhthéacs eagraíochtaí taighde, áirítear leis na gníomhaithe sin déin dáimhe, cinn roinne agus stiúirtheoirí seirbhísí. Is féidir go bhfuil caidreamh dlúth acu leis an bhfoireann teagaisc agus/nó taighde agus le mic léinn (ag brath ar an eagraíocht).

Cén ról i bPlean Comhionannais Inscne atá ag bainisteoirí?

1. tacaíocht phoiblí a thabhairt don Phlean Comhionannais Inscne;
2. a chinntiú go ndéanfar cur chun feidhme praiticiúil ar na bearta, na nósanna imeachta agus na gníomhaíochtaí a éilíonn an lucht ardbhainistíochta agus atá liostaithe sa Phlean Comhionannais Inscne;
3. dreasachtaí a chur chun cinn chun a chinntiú go gcomhtháthófar gné na hinscne i dtaighde agus i dteagasc;
4. treoir a thabhairt do na haonaid ábhartha faisnéis agus sonraí a chur ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Comhionannais Inscne agus ar an dul chun cinn i dtreo comhionannas inscne.

Baill foirne taighde agus/nó teagaisc

Is féidir le baill foirne ar a bhfuil freagrachtaí taighde agus/nó teagaisc tionchar mór a imirt ar athrú a dhéanamh ar an dóigh a dteagascar disciplíní agus ar an dóigh a ndéantar taighde. Osclaítear físeanna nua agus cruthaítear eolas nua nuair a chomhtháthaítear gné na hinscne in ábhar taighde agus nuálaíochta agus i dteagasc. Má bhreithnítear gné na hinscne i dtaighde, is féidir tionchar dearfach cumhachtach a imirt ar an tsochaí agus ar shaol daoine a fheabhsú.

Cén ról i bPlean Comhionannais Inscne atá ag baill foirne taighde agus/nó teagaisc?

1. gné na hinscne a chomhtháthú in ábhar taighde agus i dteagasc (féach an rannán ar “inscne a chomhtháthú in ábhar taighde agus oideachais”);
2. páirt ghníomhach a ghlacadh sna tionscnaimh a eagraítear faoi chuimsiú chreat an Phlean Comhionannais Inscne;
3. athrú a thionscnamh trí phlé a dhéanamh ar status quo na heagraíochta agus trí bhearta a mholadh chun athrú struchtúrach a chur chun cinn;
4. gníomhaíochtaí a eagrú lena ndírítear ar ghné na hinscne a chomhtháthú in ábhar taighde agus nuálaíochta agus/nó lena gcuirtear le hathrú struchtúrach a chur chun cinn chun dul chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas inscne san eagraíocht.

Mar shampla, chruthaigh *University of Santiago de Compostela* dámhachtain ar dhá chúis: chun aitheantas a thabhairt do thionscadail taighde agus do chleachtais teagaisc reatha atá suaithinseach maidir leis an dóigh a gcomhtháthaítear gné na

hinscne iontu; agus chun feasacht a mhéadú ar na tionscadail agus ar na cleachtais sin.

An rannóg acmhainní daonna

Tá ról lárnach ag an rannóg atá freagrach as acmhainní daonna na heagraíochta a bhainistiú maidir le hathrú struchtúrach i dtreo comhionannas inscne a chur chun cinn. Is féidir leis an rannóg sin nósanna imeachta agus bearta neamhchlaonta agus níos cothroime a chur chun cinn lena gcabhraítear le comhdhéanamh inscne-chothromaithe a bhaint amach le haghaidh fhoireann na heagraíochta. Anuas air sin, is féidir léi bearta a chur chun feidhme lena gcinntítear dul chun cinn cothrom gairme agus réiteach cothromaithe idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh.

Cén ról i bPlean Comhionannais Inscne atá ag baill foirne acmhainní daonna?

1. Sonraí atá imdhealaithe ó thaobh gnéis de a bhailiú agus a thuairisciú ar bhonn córasach maidir le foireann na heagraíochta.
2. Táscairí atá íogair ó thaobh inscne de agus a bhaineann le hinscne ar leith a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo comhionannas inscne san eagraíocht.
3. Bearta agus nósanna imeachta maidir le hearcaíocht agus roghnúchán a athbhreithniú agus/nó a chruthú, ar bearta agus nósanna imeachta iad lena gcuirtear le comhdhéanamh inscne-chothromaithe a bhaint amach le haghaidh fhoireann na heagraíochta ag gach leibhéal.
4. Bearta a athbhreithniú agus/nó a chur i bhfeidhm atá dírithe ar réiteach níos fearr a bhaint amach idir an saol gairmiúil agus saol an teaghlaigh agus idir dualgais oibre agus dualgais chúraim.
5. Beartas frithchialpa agus nós imeachta maidir le gearáin a athbhreithniú agus/nó a chur i bhfeidhm.

Mic léinn

Tá freagracht mhór ar institiúidí ardoideachais as treoir a thabhairt dá mic léinn. Áirítear leis sin a bhfeasacht a mhéadú ar shaincheisteanna a bhaineann le hinscne i ngach disciplín agus i ngach réimse ábhair. Anuas air sin, ní mór spreagadh agus treoir a thabhairt dóibh imeascadh agus dearcadh inscne a chur i bhfeidhm maidir lena dtaighde. D'fhéadfadh na mic léinn iad féin a bheith ina múinteoirí nó ina dtaighdeoirí amach anseo. Nuair a mhéadaítear feasacht agus tuiscint na mac léinn ar chomhionannas inscne, is amhlaidh go gcuirtear le dearcachtaí agus le hiompraíochtaí a athrú i réimsí eile dá saol.

Cén ról i bPlean Comhionannais Inscne atá ag mic léinn?

1. Páirt ghníomhach a ghlacadh sna tionscnaimh a eagraítear faoi chuimsiú chreat an Phlean Comhionannais Inscne.
2. Gné na hinscne a chomhtháthú in ábhar taighde.
3. Foghlaim conas claontacht inscne a shainaitheint.



MH-04-17-156-GA-N

<http://eige.europa.eu>



Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-9493-689-9